

An Fiosraitheoir

TASC 1: AG FIOSRÚ FOCAL


1. I bparagraf 1 aimsigh an focal atá ar comhchiall le **tamall fada ó shin**.
2. Cad é an frása i bparagraf 3 atá contrártha le **i gcontúirt**?
3. Tá an focal **scanrúil** i bparagraf 5. Roghnaigh an leagan ceart de san abairt seo thíos.
Seo an scéal is _____ a léigh mé riamh.
(a) scanrúil (b) scanrúla (c) scanrúlaí
4. Cad é mar a chuireann tú síos ar abairt mar seo a leanas?
Bhí nathracha ag fás as a ceann mar a bheadh gruaig ann.
(a) Is fíric í (b) Is samhail í (c) Is seanfhocail í
5. Fiosraigh an frása **mar a bheadh** i bparagraf 1. Cuir in abairt de do chuid féin é.
6. Cuir an phoncaíocht chuí isteach san abairt seo thíos:
ná bí buartha ar chor ar bith arsa na déithe le perseus nuair a tháinig sé chucu

TASC 2: AG FIOSRÚ FEASA

1. Déan achoimre ar an téacs seo.
2. Cad é eile ba mhaith leat a fháil amach faoi Perseus nó Meadúsa?
3. Cad é a spreagann daoine le scéalta mar seo a léamh, do bharúil?
4. Samhlaigh go bhfuil tú in áit Perseus agus go bhfuil tú réidh le dul chuig pluais Mheadúsa. Cad é mar a mhothaíonn tú, do bharúil?



TAISCE TUISCEANA



Meadúsa

Meadúsa

Fadó, bhí arracht gránna sa Ghréig a chónaigh i bpluais sna sléibhte. Meadúsa an t-ainm a bhí ar an arracht scanrúil seo, agus cé go raibh sí cosúil le bean ar bhealach, bhí nathracha ag fás as a ceann **mar a bheadh** gruaig ann. Bhí súile buí fiata aici agus bhí a haghaidh glas. Bhí draíocht ar leith aici fosta, is é sin go raibh sí ábalta dealbh chloiche a dhéanamh den duine a bheadh amaideach go leor le hamharc go díreach sna súile uirthi. Le himeacht ama, rinne a lán daoine iarracht an t-arracht scanrúil seo a mharú ach theip orthu uilig mar, nuair a d'amharc siad uirthi, rinne sí dealbh díobh.

Bhí dhá gharda uafásacha ag Meadúsa nár lig do dhuine ar bith teacht isteach sa phluais s'aici. San am seo sa Ghréig, bhí fear láidir cróga ann darbh ainm Perseus, a bhí ag iarraidh Meadúsa a mharú. D'iarr sé cuidiú ó na déithe sa Ghréig le Meadúsa a mharú. Tháinig na déithe le chéile le cuidiú leis agus thug gach dia acu bronntanas **cumhachtach** draíochtach dó.

Thug an chéad dia claíomh géar dó. Thug an dara dia cuaráin dó a raibh sciatháin orthu. Thug an tríú dia clogad dó a rinne dofheicthe é. Thug an ceathrú dia sciath dó a bhí cosúil le scáthán ar an taobh istigh. Nuair a bhí sin déanta acu, ar siadsan le Perseus, "Thig leat eitilt go díreach isteach sa phluais leis na cuaráin speisialta seo agus ní fheicfidh na gardaí thú. Cuir ort do chlogad ansin agus ní bheidh Meadúsa ábalta tú a fheiceáil ach oiread. Ná hamharc go díreach sna súile ar Mheadúsa in am ar bith. Ina áit sin, coinnigh do dhroim léi agus feicfidh tú a scáth sa sciath. Ar an dóigh sin beidh tú slán sábháilte."



Chuaigh Perseus go dtí pluais Mheadúsa sna sléibhte. D'eitil sé go cúramach thar na dealbha uilig a bhí ann agus isteach sa phluais leis sular thug aon duine faoi deara é. Ní fhaca agus níor chuala na gardaí é. Chuir sé a chlogad air ansin sa dóigh nach raibh Meadúsa ábalta é a fheiceáil. Choinnigh sé a dhroim léi, d'amharc sé ar a sciath agus thiocfadh leis scáil Mheadúsa a fheiceáil. Gan mórán moille, bhí sé ábalta teacht aniar aduaidh ar Mheadúsa gan fhios di. Thóg sé a chlaíomh, bhuail sé go trom í agus bhain sé a ceann di. Bhí éacht déanta aige nár éirigh le duine ar bith eile a dhéanamh roimhe sin. Laoch a bhí ann anois nó bhí gach duine iontach sásta leis gur mharaigh sé Meadúsa.

Bhí deireadh leis an arracht ghránna **scanrúil** faoi dheireadh agus ní dhéanfadh sí dealbh chloiche de dhuine ar bith eile choíche arís.

Ceisteanna

1. **Cá háit a raibh Meadúsa ina cónaí?**
(a) I lár na cathrach
(b) Amuigh sna cnoic
(c) Cois farraige
2. **Cad é a tharla do dhaoine nuair a d'amharc siad go díreach sna súile ar Mheadúsa?**
(a) Thit siad i ngrá léi
(b) Bhain Meadúsa an ceann díobh
(c) Rinneadh cloch díobh
3. **Cén sórt duine a bhí in Perseus, do bharúil?**
(a) Duine gan eagla a bhí ann
(b) Cladhaire a bhí ann
(c) Duine síochánta a bhí ann
4. **Cén fáth nach raibh Meadúsa ábalta Perseus a fheiceáil?**
(a) Bhí an phluais iontach dorcha
(b) Bhí Perseus dofheicthe nuair a chaith sé an clogad draíochtach
(c) Bhí Meadúsa dall
5. **Cén dóigh a raibh Perseus ábalta Meadúsa a fheiceáil gan amharc sna súile uirthi?**
(a) Chaith sé spéaclaí draíochtacha
(b) Bhain sé úsáid as an sciath mar scáthán
(c) Choinnigh sé a shúile druidte
6. **Cad é mar a mhothaigh daoine nuair a mharaigh Perseus an t-arracht gránna?**
(a) Bhí áthas an domhain orthu
(b) Bhí eagla a mbáis orthu
(c) Bhí fearg mhór orthu
7. **Cén paragraf ina bhfuil an t-údar ag cur síos ar Mheadúsa?**
(a) Paragraf 1
(b) Paragraf 2
(c) Paragraf 4
8. **Tá an focal cumhachtach i bparagraf 2 in úsáid mar:**
(a) ainmfhocal.
(b) briathar.
(c) aidiacht.
9. **Cad é atá sa téacs seo?**
(a) Treoracha
(b) Miotas
(c) Eolas faoi shaol duine

